# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T1 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 03

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

## Teideal an tSaothair: Oireachtas na Samhna

## An tasc a bhí á mheas: Cur i láthair bunaithe ar Oireachtas na Samhna – Stair an tOireachtas agus an suim atá ag an scoláire ann.

## Formáid: Cur i láthair

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**Cumas Cumarsáide**

**1.14** téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa.
**1.16** focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí
**1.19** páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá
**1.22** dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile
**1.23** smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine
**1.24** cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

**Feasacht Teanga agus Chultúrtha**

**2.4** an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide
**2.9** tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

**Féinfheasacht an fhoghlaimeora**

**3.7** Acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríommhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe , srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh.

## Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Is cur i láthair ó bhéal a shocraigh an scoláire a dhéanamh do MRB2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge. De bharr an spéis atá ag an scoláire san Oireachtas shocraigh sí níos mó taighde a dhéanamh ar stair an tOireachtas. D'éirigh léi roinnt eolais a aimsiú ar shuíomh an tOireachtas a bhí trí mheán na Gaeilge ach chomh maith leis seo theastaigh ón scoláire cur síos agus plé a dhéanamh ar an réamheolas a bhí aici féin ar an ábhar. Bhí sé seo oiriúnach de bharr an plé agus comhrá a bhí ag tarlú i dtimpeallacht na scoile tar éis an briseadh lár téarma agus scoláirí ag caint faoin oireachtas sa scoil. Nasc an t-ábhar go mór le beochultúr na Gaeilge agus é mar phríomhfhéile na bliana do lucht na Gaeilge.

Thagair an scoláire do fhoinsí eolais éagsúla le linn an cur i láthair chomh maith le bheith ag tarraingt ar a taithí pearsanta féin ar an bhféile, ba léir go raibh sí ag iarraidh dul i bhfeidhm ar a comhscoláirí.

Shocraigh an scoláire gan script a úsáid don chur i láthair, bhí cleachtadh ó bhéil á dhéanamh agus á sheoladh chuig an múinteoir ar MSTeams, chabhraigh sé seo le haiseolas éifeachtach a thabhairt ar an bpíosa labhartha agus thug sé deis cur le scileanna cur i láthair an dalta. Bhí deis ag an múinteoir anseo tacú leis an scoláire maidir le fuaimniú agus tuin focal/abairtí ar leith agus tacú le cruinneas agus saibhreas na Gaeilge.

Thacaigh an cur i láthair leis an scoláire maidir le struchtúr a thabhairt don phíosa cainte agus é a dhéanamh níos foirmeálta rud a léirigh go raibh sé in oiriúint don spriocghrúpa. Ní raibh sí ag brath ar an gcur i láthair agus ní raibh an iomarca téacs scríofa ann rud a chinntigh go raibh sí ag díriú ar an gcumarsáid ó thús go deireadh. Thug an cur i láthair deis don scoláire cur lena Gaeilge scríofa, bhí an ríomhfhoclóir www.teanglann.ie in úsáid go rialta sa seomra ranga agus rinne an múinteoir cinnte í a threorú chuige seo nuair a bhí gá leis. Roinnt den fhoclóir a bhí le ceartú' Comórtas, Stair an tOireachtas.

Le linn an comhrá bhí an scoláire muiníneach agus ba léir go raibh tuiscint mhaith ar an teanga a bhí ag teastáil uaithi agus í ag labhairt faoin topaic seo. D'freagair sí ceisteanna go muiníneach agus le hardchumas teanga.

# Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

## Cumas cumarsáide:

Bhí cumarsáid nádúrtha agus spontáineach ar chaighdeán an-ard ag an scoláire. Ba léir go raibh sí muiníneach as an ábhar a bhí idir lámha aici. Bhí an chaint nádúrtha agus cruinn. Bhí sí muiníneach agus í i mbun comhrá faoin ábhar agus cé go raibh sí neirbhíseach ní raibh sí stadach ina cuid cainte ag aon am.

## Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Bhí an scoláire an-soiléir ina cuid cainte, bhí sí muiníneach agus í ag cur i láthair don rang. Bhí sí ag tabhairt moladh don rang ag deireadh an cur i láthair aghaidh a thabhairt ar an Oireachtas rud a léirigh an tuiscint sin. Rinne sí tagairt freisin do na héachtaí a bhí bainte amach ag scoláirí na scoile ag an oireachtas i mbliana, rud a rinne ceangal láidir idir an topaic agus saol na scoile. Ba léir go raibh an teanga in úsáid go sciliúil aici agus nathanna agus phrásaí cruinn agus soiléir in úsáid. Le linn an chomhrá rinne sí athrá ar cheisteanna ar bhealach nádúrtha rud a léirigh an úsáid sciliúil teanga atá aici agus bhí sé soiléir agus intuigthe do gach duine a bhí i láthair.

## Feasacht teanga:

Léirigh an scoláire caighdeán an-ard maidir le feasacht teanga. Bhí struchtúr agus comhréir na teanga cruinn ó thús go deireadh. Cé go raibh corr earráid gramadaí ann níor chur sé as don caighdeán an-ard a bhí aici. D'úsáid sí an tsaorbhriathar go héifeachtach agus ba léir go raibh tuiscint an-mhaith aici ar rialacha gramadaí na Gaeilge.

**Tuairiscín:** Thar barr ar fad

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill